# FOLÚNTAIS

## CEANN AN AONAID UM FHORBAIRT STRAITÉISEACH

## CEANN AN AONAID UM SHAINAITHINT AGUS FORBAIRT SCILEANNA

## CEANN AN AONAID UM FHEIDHMÍOCHT AGUS MEASÚNÚ CÓRAS

### Gníomhairí sealadacha – feidhmghrúpa AD, grád 9

## An bhfuil tú réidh don chéad dúshlán mór eile?

Tá Ceann á lorg ag an bhFondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) le haghaidh gach ceann de na haonaid seo a leanas:

1) Forbairt Straitéiseach
2) Sainaithint agus Forbairt Scileanna
3) Feidhmíocht agus Measúnú Córas

chun foireann éirimiúil, rannpháirteach agus ildisciplíneach a stiúradh agus a chomhordú.

Tá trí phost oscailte. Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar phost amháin nó níos mó.

Mar bhaill d'Fhoireann Bainistíochta ETF, beidh tú ag obair i gcomhar le comhbhainisteoirí chun tacú le forbairt straitéiseach na gníomhaireachta, lena rialachas agus cumarsáid.

Más spéis leat tionscadal an AE, má tá tú díograiseach faoin oideachas, fostaíocht agus forbairt; má tá fonn ort foirne ardfheidhmíochta a stiúradh agus má tá tú ábalta oibriú i gcomhar le daoine eile, a bheith i mbun cumarsáide agus a bheith cuiditheach agus leathanaigeanta, gheobhaidh tú deis in ETF tú féin a chur in iúl go hiomlán i dtimpeallacht spreagúil, ilchultúrtha, dhinimiciúil agus ghairmiúil.

## Céard é an ETF?

Tá an ETF ina gníomhaireacht AE atá lonnaithe in Turin, an Iodáil. Cabhraíonn ETF le tíortha atá i mbun trasdula agus le tíortha i mbéal forbartha leas a bhaint as acmhainneacht a gcaipitil dhaonna trí athchóiriú a dhéanamh ar chórais oideachais, oiliúna agus mhargadh an tsaothair, i gcomhthéacs bheartais chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh.

Tacaímid le tíortha a bhfuil teorainn acu leis an Aontas Eorpach chun feabhas a chur ar a gcórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, chun anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna agus chun a margaí saothair a fhorbairt. Tríd an méid sin a dhéanamh, cabhraímid leo comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus fás geilleagrach níos inbhuanaithe a bhaint amach, a théann chun tairbhe na mBallstát agus a gcuid saoránach trí chaidreamh eacnamaíoch a fheabhsú.

## Aonaid agus croí-shainordú

### 1) An tAonad um Fhorbairt Straitéiseach

**Tá an tAonad um Fhorbairt Straitéiseach** ina chuid den Roinn Straitéiseach agus Acmhainní.

**Is é croí-shainordú an Aonaid** clársceidealú straitéiseach ETF a stiúradh, cur chun feidhme straitéis ETF 2027 a chomhordú, forbairt eagraíochtúil a stiúradh agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú.

**Tá an tAonad freagrach as na nithe seo a leanas:**

- an timthriall clársceidealaithe, pleanála agus faireacháin a threorú, lena n-áirítear meastóireachtaí inmheánacha agus seachtracha a chomhordú
- sainaithint agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí forbartha agus feabhsaithe eagraíochtúla a stiúradh, cosúil le tionscadal digitithe ETF
- cur chun feidhme an bheartais comhpháirtíochta a chomhordú
- caidreamh a bhunú agus a chothabháil le seirbhísí AE, Ballstáit agus páirtithe leasmhara áitiúla
- seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú
- rannchuidiú le timthriall clársceidealaithe, pleanála agus faireacháin na roinne agus na hinstitiúide
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cumarsáide ETF, go hinmheánach agus go seachtrach.

**Beidh an t-iarrthóir rathúil i gceannas ar an Aonad um Fhorbairt Straitéiseach agus ar a fhoireann ina bhfuil thart ar 10 mball foirne.** Oibreoidh sé/sí i ndlúthchomhar le Stiúrthóir ETF. Tuairisceoidh sé/sí do Cheann na Roinne.

### 2) An tAonad um Shainaithint agus Forbairt Scileanna

**Tá an tAonad um Shainaithint agus Forbairt Scileanna** ina chuid de Roinn an Mhoil Eolais.

**Is é croí-shainordú an Aonaid** na gníomhaíochtaí sna réimsí ábharthachta agus réamhaíochta scileanna a stiúradh, agus forbairt agus bailíochtú scileanna, mar chuid d'fhorbairt caipitil dhaonna, mar atá sainmhínithe i straitéis ETF 2027.

**Tá an tAonad freagrach as na nithe seo a leanas:**

- bainistiú, comhchruthú agus scaipeadh eolais sna réimsí seo a leanas a stiúradh:
  - ábharthacht agus éileamh ar scileanna bunaithe ar pheirspictíocht náisiúnta agus earnála
  - forbairt scileanna agus próisis bhailíochtaithe
  - agus i gcomhar le haonaid eile, bainistiú inneachair agus úsáid líonraí sóisialta, ardáin agus rannchuidiú le stórtha eolais
- timthriall an chláir maidir le tionscadail sainaitheanta agus forbartha scileanna, foirne agus gníomhaíochtaí a bhainistiú – lena n-áirítear pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus na spriocanna insoláthartha a bhfuil súil leo a bhaint amach – i ndlúthchomhar leis an Aonad Bainistíochta Tionscadal
- nascadh agus dul i gcomhpháirtíocht le gníomhaithe éagsúla sa réimse
- rannchuidiú le timthriall clársceidealaithe, pleanála agus faireacháin na roinne agus na hinstitiúide

- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cumarsáide ETF, go hinmheánach agus go seachtrach.

**Beidh an t-iarrthóir rathúil i gceannas ar an Aonad um Shainaithint agus Forbairt Scileanna agus ar a fhoireann de thart ar 20 ball foirne.** Tuairisceoidh sé/sí do Cheann na Roinne.

### 3) Ceann an Aonaid um Fheidhmíocht agus Measúnú Córas

**Tá an tAonad um Fheidhmíocht agus Measúnú Córas** ina chuid de Roinn an Mhoil Eolais.

**Is é croí-shainordú an Aonaid** seirbhísí faireacháin agus measúnaithe ETF a threorú agus gníomhaíochtaí i réimse feidhmíochta agus cáilíochta córas, mar atá sainmhínithe i straitéis ETF 2027.

**Tá an tAonad freagrach as na nithe seo a leanas:**

- forbairt agus cur chun feidhme gníomhartha agus táirgí faireacháin agus measúnaithe a threorú, lena n-áirítear forbairt modheolaíochtaí, córas TF, bailiú agus anailísíocht sonraí, bailiú faisnéise agus anailís ar fhorbairt caipitil dhaonna, i gcomhar le haonaid eile
- bainistiú, comhchruthú agus scaipeadh eolais i réimse na héifeachtúlachta institiúidí agus córas a threorú, lena n-áirítear feidhmiú an rialachais, comhordú gníomhaithe, dearbhú cáilíochta agus feidhmíocht mhéadaithe na hearnála
- timthriall an chláir maidir le feidhmíocht agus cáilíocht tionscadal, foirne agus gníomhaíochtaí córas oideachais agus oiliúna a bhainistiú – lena n-áirítear pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus baint amach spriocanna insoláthartha lena bhfuiltear ag súil a chomhlíonadh – i ndlúthchomhar leis an Aonad Bainistíochta Tionscadal
- nascadh agus dul i gcomhpháirtíocht le gníomhaithe éagsúla sa réimse
- rannchuidiú le timthriall clársceidealaithe, pleanála agus faireacháin na roinne agus na hinstitiúide
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cumarsáide ETF, go hinmheánach agus go seachtrach.

**Beidh an t-iarrthóir rathúil i gceannas ar an Aonad um Fheidhmíocht agus Measúnú Córas agus ar fhoireann an Aonaid ina mbeidh thart ar 20 ball foirne.** Tuairisceoidh sé/sí do Cheann na Roinne.

### NOTA BENE do na trí aonad

Féadfar cuid d’fhreagrachtaí na n-aonad a mhodhnú sna míonna amach romhainn toisc go bhfuil próiseas athstruchtúraithe ar bun in ETF i láthair na huaire. Tiocfaidh an struchtúr eagraíochtúil nua i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2021. Féach “struchtúr eagraíochtúil ETF”.

## Próifíl an phoist: príomhchuntasacht agus cúraimí

**Oibreoidh na Cinn Aonaid** go dlúth lena mbaill foirne agus le bainisteoirí eile. Forbróidh siad caidreamh táirgiúil agus comhoibritheach ar fud na gníomhaireachta. Is cumarsáideoirí éifeachtacha iad, cuireann siad luachanna na gníomhaireachta chun cinn agus feidhmíonn siad mar eiseamláir. Tá siad leathanaigeanta agus cuiditheach. Tá siad an-eagraithe agus déanann siad cúraimí a tharmligean ar bhealach éifeachtach.

**Déanfaidh na Cinn Aonaid an méid seo a leanas:**

- **i réimse na bainistíochta gnó:**
  - obair i bhfoireann le comhbhainisteoirí chun cur le rialachas ETF

  - straitéis a fhorbairt don aonad agus ar an gcaoi sin cur le forbairt na gníomhaireachta
  - dul chun cinn a phleanáil agus obair leantach a dhéanamh ina leith, rioscaí a mheasúnú agus athruithe a thabhairt isteach i gcomhréir le cuspóirí
  - an t-ábhar, na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá a mheas agus iad a bhainistiú go héifeachtach
  - cinntí a dhéanamh, cumarsáid a dhéanamh agus iad a chur chun feidhme
  - páirt a ghlacadh in idirphlé i gcruinnithe (bainistíocht, aonad nó an fhoireann ar fad) agus smaointe nuálacha agus úrnua a mholadh
- **i réimse na bainistíochta daoine**:
  - rannpháirtíocht agus cuspóir coiteann a chothú i dtaca le misean agus spriocanna aonaid na gníomhaireachta
  - a bhfoirne ildisciplíneacha a spreagadh agus a threorú i dtreo spriocanna na n-aonad agus a ngníomhaíochtaí a chomhordú
  - foireann láidir a bhunú ag a bhfuil láidreachtaí comhlántacha
  - forbairt foirne a chothú trí aiseolas a chur ar fáil, trí chumasú, trí chóitseáil agus trí dheiseanna foghlama a chruthú
- **i réimse na cumarsáide:**
  - rannchuidiú leis an gcumarsáid inmheánach chun trédhearcacht agus rannpháirtíocht foirne a fheabhsú
  - páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cumarsáide ETF

Táthar ag súil go mbeidh na Cinn Aonaid ag taisteal cúpla uair sa bhliain.

## Critéir Incháilitheachta

D'fhonn a bheith incháilithe, ní mór duit na riachtanais seo a leanas a shásamh ar an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:

1. A bheith i do náisiúnach de cheann de Bhallstáit den Aontas Eorpach
2. Cearta iomlána mar shaoránach a bheith agat
3. Aon oibleagáidí arna bhforchur ag an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat
4. A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh
5. Leibhéal oideachais arb ionann é agus ceithre bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma a bheith agat, agus taithí ghairmiúil chuí dhá bhliain déag ar a laghad a gnóthaíodh ina dhiaidh sin

   **nó**

   Leibhéal oideachais arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma a bheith agat, agus taithí ghairmiúil chuí trí bliana déag ar a laghad a gnóthaíodh ina dhiaidh sin.

   **Ní fhéadfar ach dioplómaí a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin a bhreithniú.**

6 Eolas críochnúil (leibhéal C1 i ngach gné den Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFRL)) i gceann de theangacha an Aontais agus eolas sásúil (leibhéal B2 i ngach gné de réir CEFRL) i dteanga eile de chuid an Aontais, a mhéid is gá chun na dualgais a chomhlíonadh.

## Critéir Roghnúcháin

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas ag iarrthóirí:

### Taithí ghairmiúil

- Taithí ghairmiúil chuí 12 bhliain de réir na tuairisce ar chroí-shainordú agus ar fhreagrachtaí an aonaid
- Mar chuid den 12 bhliain de thaithí chuí: 5 bliana taithí i gceannas ar fhoireann.

### Scileanna teicniúla an-mhaith agus eolas ar

- Béarla: leibhéal C1 i ngach gné de réir CEFRL

Ina theannta sin, i gcás iarrthóirí a chuireann isteach ar an bpost (1) Ceann an Aonaid um Fhorbairt Straitéiseach:

- Institiúidí an AE agus cinnteoireacht
- Comhar agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta
- Forbairt, pleanáil agus faireachán straitéise corparáidí
- Forbairt eagraíochtúil

Ina theannta sin, i gcás iarrthóirí a chuireann isteach ar an bpost (2) Ceann an Aonaid um Shainaithint agus Forbairt Scileanna nó (3) Ceann an Aonaid um Fheidhmíocht agus Measúnú Córas:

- Bainistíocht tionscadal
- Beartais, cláir agus ionstraimí AE maidir le caidreamh seachtrach
- Caipiteal daonna a fhorbairt a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta i dtíortha trasdula agus i dtíortha atá i mbéal forbartha

### Scileanna ceannaireachta agus bainistíochta an-mhaith i

- Smaointeoireacht straitéiseach agus treo a leagan síos, go háirithe sna réimsí seo a leanas:
  - straitéisí corparáideacha a aistriú go cuspóirí don aonad
  - obair an aonaid a eagrú agus a bhainistiú
- Bainistíocht dhaoine, go háirithe:
  - foireann ardfheidhmíochta a threorú agus a fhorbairt
  - baill foirne a spreagadh agus a fhorbairt

### Scileanna boga an-mhaith i

- Féineagrú, bainistíocht ama agus tarmligean
- Cumarsáid ó bhéal agus i scríbhinn chomh maith le hidirbheartaíocht

- Caidreamh comhoibritheach a chothú
- Meon oscailte agus béim ar fhorbairt

### Buanna

- Taithí ar oibriú le hInstitiúidí Eorpacha agus le cláir AE
- Taithí ar oibriú i réimse an chaidrimh sheachtraigh
- Taithí i dtíortha ina n-oibríonn ETF
- Fraincis: leibhéal B2 i ngach gné de réir CEFRL

Ina theannta sin, i gcás iarrthóirí a chuireann isteach ar an bpost (1) Ceann an Aonaid um Fhorbairt Straitéiseach:

- Taithí ar chaipiteal daonna a fhorbairt a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta i dtíortha trasdula agus i dtíortha atá i mbéal forbartha

Ina theannta sin, i gcás iarrthóirí a chuireann isteach ar an bpost (2) Ceann an Aonaid um Shainaithint agus Forbairt Scileanna nó (3) Ceann an Aonaid um Fheidhmíocht agus Measúnú Córas:

- Rúisis: leibhéal B2 i ngach gné de réir CEFRL

## Iarratais a chur isteach

Is é **an dáta deiridh** chun iarratais a chur isteach ná **19 Iúil 2020 ag 23.59 (Am Turin).**

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar phost amháin nó níos mó. Sonraigh an post/na poist a bhfuil tú ag déanamh iarratais air/orthu i do CV.

Tugtar cuireadh duit d'iarratas a sheoladh chugainn trí shuíomh gréasáin ETF, faoi na rannóga “maidir le” agus ansin “earcaíocht”.

Moltar go mór duit gan fanacht go dtí an lá deiridh chun d’iarratas a chur isteach mar go bhféadfadh trácht trom idirlín nó fabht sa nasc idirlín a bheith mar bhonn le deacrachtaí nuair a bheifear ag cur iarratais isteach. Ní féidir glacadh leis go bhfuil ETF freagrach as aon mhoill ar d'iarratas mar gheall ar dheacrachtaí den sórt sin.

### Ceanglais fhoirmiúla

Ní mór duit **na doiciméid go léir**a luaitear thíos a chur ar fáil,**faoin dáta deiridh,** i mBéarla go hinmhianaithe:

- litir chumhdaigh uasmhéid aon leathanaigh, ag míniú cén fáth a bhfuil spéis agat sa phost/sna poist
- curriculum vitae ina n-úsáidtear formáid CV Europass - **ina léirítear an post/na poist a bhfuil tú ag cur isteach air/uirthi.**

**Tabhair do d’aire, nach nglacfar ach le hiarratais a cuireadh isteach ar líne trí shuíomh gréasáin ETF, i gcomhréir leis na ceanglais fhoirmiúla a luaitear thuas, don chéim roghnúcháin.**

## Roghnúchán

Tá trí chéim chomhleanúnacha i gceist sa chéim roghnúcháin:

## Céim 1 – Iarratais a scagadh

### 1.1 Incháilitheacht

Déanfaidh Aonad Acmhainní Daonna ETF gach iarratas a athbhreithniú. Ní théann ach na hiarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus na ceanglais fhoirmiúla ar fad ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

### 1.2 Measúnú ar iarratais

Bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil sa curriculum vitae, déanfaidh an bord na hiarratais a mheas i gcomparáid le taithí ghairmiúil, scileanna ceannaireachta agus bainistíochta, chomh maith le scileanna agus sócmhainní teicniúla.

Is iad na hiarrthóirí a chuirfidh na hiarratais ar fáil is mó a bheidh i gcomhréir leis an bpost/na poist a bhfuil iarratas déanta orthu a ghearrliostófar. Táthar ag súil go n-áireofar 5 iarrthóir i ngach post ar an ngearrliosta.

Tá ETF ag súil le líon mór iarratas. Mar thoradh air sin, ní dhéanfaidh Aonad Acmhainní Daonna ETF teagmháil ach leis na hiarrthóirí a chuirfear ar ghearrliosta. Táthar ag súil go ndéanfar an obair seo ag tús mhí Lúnasa 2020.

## Céim 2 – Ionaid mheasúnaithe, agallaimh agus trialacha scríofa

Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí gearrliostaithe páirt a ghlacadh in ionad measúnaithe, in agallamh agus i dtriail scríofa.

Déanfaidh an t-ionad measúnaithe cumas na n-iarrthóirí a mheas, agus díreofar ar roinnt dá scileanna ceannaireachta agus bainistíochta agus scileanna boga.

Déanfaidh an bord measúnú ar thaithí ghairmiúil agus scileanna na n-iarrthóirí atá riachtanach don phost agus do Ghníomhairí Sealadacha AE trí agallamh agus triail scríofa. Déanfar meastóireacht gan ainm ar chuid amháin den triail.

Is i mBéarla go príomha a reáchtálfar an próiseas roghnúcháin (ionaid mheasúnaithe, agallaimh, agus trialacha scríofa).

Táthar ag súil go reáchtálfar céim a dó i mí Mheán Fómhair 2020.

Is sa Bhruiséil a bheidh an t-ionad measúnaithe á reáchtáil. Beidh an t-agallamh agus an triail scríofa ar siúl in Turin. Mar sin féin, mar gheall ar an staid sláinte i láthair na huaire, d'fhéadfaí an dá rud a reáchtáil go cianda.

Nuair a bheidh an chéim seo curtha i gcrích, cuirfidh an bord liosta de na hiarrthóirí is mó a mheastar atá i gcomhréir le gach ceann den 3 phróifíl i dtoll a chéile – iarrthóirí a bhain na torthaí seo a leanas amach, ar a laghad:

- 70% de na pointí leithdháilte le haghaidh scileanna ceannaireachta agus bainistíochta
- 70% de na pointí leithdháilte le haghaidh scileanna boga, agus
- 70% de na pointí leithdháilte le haghaidh scileanna teicniúla agus taithí ghairmiúil ábhartha

## Céim 3 – Ceapachán

Ceapfaidh an Stiúrthóir an t-iarrthóir rathúil le haghaidh gach ceann den 3 phost.

Táthar ag súil go rachaidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo i mbun dualgas ar an 1 Eanáir 2021.

Féadfaidh an Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh freisin liosta d'iarrthóirí eile a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a bhunú. Beidh an liosta bailí go dtí an 31 Nollaig 2021. Féadfar an tréimhse bhailíochta sin a fhadú le cinneadh ón Stiúrthóir. Ní ráthaíonn cuimsiú ar an liosta tairiscint ar phost.

Sa chás go dtagann folúntas poist aníos nó gur gá post a chlúdach, féadfaidh an Stiúrthóir post a thairiscint d'iarrthóir ar an liosta is fearr a oireann a p(h)róifíl do riachtanais ETF an tráth sin.

### Obair an bhoird

Tá obair agus plé an bhoird faoi rún daingean agus ní cheadaítear aon teagmháil lena chomhaltaí. Beidh dícháiliú ón nós imeachta mar thoradh ar theagmháil a dhéanamh le comhaltaí an bhoird.

## Coinníollacha Conartha

### Conradh fostaíochta

Maireann an conradh fostaíochta trí bliana agus is féidir é a athnuachan.

Tá sé faoi réir tréimhse phromhaidh naoi mí.

Tá conarthaí na ngníomhairí sealadacha i gcomhréir le hairteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile (CEOS) an Aontais Eorpaigh.

Má tá conradh do ghníomhaire Sealadach 2(f) ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi faoi láthair agus má cháilíonn sé/sí d'aistriú faoi théarmaí CEOS, beidh an bandaleithead don phost seo ar féidir freastal air i gcomhréir le hIarscríbhinn I de na Rialacháin Foirne.

Faoin gcineál conartha seo, tá an fostaí faoi cheangal ag CEOS agus ag na Rialacha Feidhmithe cuí.

Ní bheidh ETF faoi cheangal leis an gconradh fostaíochta arna thairiscint ach amháin sa chás go mbeidh na nithe a leanas déanta ag an iarrthóir rathúil sula síneofar an conradh:

- bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe a bheith curtha ar fáil aige nó aici de gach doiciméad ábhartha lena ndeimhnítear a (h)incháilitheacht, lena n-áirítear taifead coiriúil glan
- scrúdú dochtúra éigeantach a bheith déanta aige/aici lena ndearbhaítear go gcomhlíonann sé/sí an caighdeán corpacmhainneachta is gá chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh
- ETF a bheith curtha ar an eolas aige/aici faoi aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann agus gur measadh nach bhfuil aon leas pearsanta aige ná aici a chuirfeadh as dá neamhspleáchas, ná aon choinbhleacht leasa eile.

### Tuarastal agus sochair

Ag brath ar a staid phearsanta, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntas éagsúil amhail liúntas easaoránachta, liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh, liúntas oideachais, etc. Tá an tuarastal faoi réir cháin an Chomhphobail, rud a asbhaintear ag an bhfoinse agus tá baill foirne díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

**Gnáth-thuarastal do:** fostaí aonair AD 9, a bhfuil 12 bhliain de thaithí ghairmiúil ábhartha acu agus liúntas bainistíochta: thart ar EUR 5 800 glan sa mhí – nó fostaí a bhfuil 12 bhliain de thaithí ghairmiúil ábhartha acu, liúntais bhainistíochta agus easaoránachta agus 1 leanbh cleithiúnach: thart ar EUR 8 100 glan sa mhí.

### Áit fostaíochta

Is é Turin, an Iodáil, an áit fostaíochta.

## Eolas breise

Ní thabharfar na doiciméid a chuirtear ar fáil le linn an nós imeachta ar ais d'iarrthóirí. Ina ionad sin, coinneofar ar comhad iad in ETF don tréimhse is gá agus scriosfar iad ina dhiaidh sin.

Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh um chosaint sonraí pearsanta agus rúndacht faisnéise maidir leis na sonraí pearsanta ar fad a bhailítear le haghaidh an phróisis seo.

Tá tuilleadh eolais le fáil sa ráiteas príobháideachais ar shuíomh gréasáin ETF.

Iarrthóirí a mheasann go ndearnadh dochar dá leasanna le cinneadh a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin, féadfaidh siad gearán a dhéanamh trí na treoracha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ETF a leanúint.

# ETF ORGANISATIONAL STRUCTURE

GB/20/DEC/008

